

Cianfhoghlaim *Distance Learning*

Cuireadh an plean seo don Chianfhoghlaim le chéile de réir an *Treoir maidir le Cianfhoghlaim i gCómhtheacs Covid, Meán Fómhair- Nollaig 2020* a bhí foilsithe ag an Rialtas i mí Dheireadh Fómhair 2020. Aithnítear sa doiciméad sin go bhfuil ceithre ghné riachtanach chun Cianfhoghlaim éifeachtach a chur ar fáil.

This plan for Distance Learning was devised in line with “Guidance for Remote Learning in a Context of Covid, September 2020- December 2020.” published by the Government in October 2020. This document recognises four essential elements necessary for the provision of effective Remote Learning

1. Caidreamh rialta le daltaí.
Regular engagement with pupils.
2. Meascán de thascanna/éispéiris foghlama treoraithe agus neamhspleácha.
A blend of guided and independent learning tasks/experiences.
3. Deiseanna foghlama atá oiriúnach agus tarraingteach.
Appropriate and engaging learning opportunities.
4. Aiseolas an dá bhealach idir an scoil agus an baile
Two-way feedback between home and school.

Trí na straitéisí a bhíonn in úsáid i Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh cuirtear bealach sona, sábháilte agus inbhuanaithe ar fáil do dhaltaí na scoile leanúint leis an bhfoghlaim i rith thréimhsí ama nach bhfuil siad ábalta dul ar scoil.

The strategies in use for remote learning in Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh provide a safe, enjoyable and sustainable way to enable our pupils to continue to learn during a period of time in which they are not physically in the classroom setting.

- Aithnítear i Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh go bhfuil comhoibriú riachtanach chun cianfhoghlaim éifeachtach a chur ar bun agus úsáidfear réimse leathan uirlisí ar líne chun deiseanna a sholáthar don fhoireann, do na daltaí agus do na tuismitheoirí, cumarsáid a dhéanamh, eolas a roinnt agus teagmhail a dhéanamh lena chéile.
Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh recognises that online collaboration is essential to distance learning and may provide access to a variety of online tools that allow communication, sharing, and messaging among staff, students, and parents.

Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh
Polasaí Cianfhoghlama 2021

- Cé nach bhfuil úinéireacht ag Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh ar sheirbhísí na ngréasán seo agus nach bhfuil siad go hiomlán faoina smacht, ní mór na teoracha sa pholasaí leo a chomhlíonadh agus iad á n-úsáid.
These services, although not owned by Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh, form part of our web services and all content that is placed on these services falls under this policy.
- Is ar bhonn oideachasúil amháin a bhainfear leas as aon chumarsáid leictreonach.
Any electronic forms of communications will only be used for educational purposes.
- Agus daltaí na scoile ag dul i ngleic leis an gcianfhoghlaim, beidh rochtain acu ar sheirbhísí leictreonacha, fóraim plé, bealaí le teachtaireachtaí a sheoladh nó cumarsáid leictreonach eile a dhéanamh agus iad ar fad tar éis a bheith faofa ag údarás na scoile agus údaraithe ag an oide ranga -Seesaw, Zoom agus Gmail.
In engaging with distance learning from Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh, students will only access, discussion forums, messaging or other electronic communications that have been approved by the school and sanctioned by the class teacher, for example 'Seesaw, Zoom, Gmail'.
- Úsáidtear ainmneacha úsáideora, agus pasfhocail chun a chinntiú chomh fada agus is féidir nach ndéantar aitheantas duine a nochtadh.
Usernames and passwords will be used to avoid disclosure of identity where possible.
- Ní ghlacann údaráis Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh freagracht as sábháilteacht na n-ardán ar líne sa chás go ndéantar an tsábháilteacht sin a shárú.
Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh cannot accept responsibility for the security of such online platforms in the event they are breached.
- Bainfear leas as ceithre ardán i Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh chun cumarsáid a dhéanamh le teaghlaigh/ daltaí agus foireann na scoile: Aladdin, Gmail, Seesaw agus Zoom. Úsáidfeadh meascán de thascanna oibre, ceachtanna réamhtháifeadta ar Seesaw nó Zoom agus tionóil bheo ranga agus scoile ar Zoom agus an chiantheagasc agus an chianfhoghlaim ar siúl.
Scoil Uí Dhálaigh will use four online platforms for communicating and connecting with families/pupils and staff: Aladdin, Gmail, Seesaw, Zoom Remote Teaching and Learning Plan will include a combination of assigned work, pre-recorded lessons Seesaw / Zoom and live Zoom class and school assemblies sessions

Aladdin agus Gmail

Déanfaidh na hoidí teagmháil le tuismitheoirí trí Aladdin agus Gmail. Iarrtar ar thuismitheoirí a gcuid ríomhphoist a sheiceáil go laethúil chun an t-eolas is déanaí agus fógraí tábhachtacha a fháil. Go hiondúil seolfar obair do na páistí trí Seesaw gach maidin agus trí Aladdin go seachtainiúil

Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh
Polasaí Cianfhoghlama 2021

Staff will communicate regularly with parents Aladdin. All families are asked to check for communication from the school through Aladdin daily for updates and important information. Teachers will post work for pupils daily through Seesaw but also possibly weekly through Aladdin.

Tá seoladh ríomhphoist ar leith ag gach oide le húsáid chun cumarsáid a dhéanamh idir mhúinteoirí agus tuismitheoirí

Each staff member has a dedicated email address which they can use for communication between teachers and parents.

Seesaw

Sna ranganna cuí cuirtear obair na bpáistí ar Seesaw agus ansin is féidir leis na páistí a gcuid oibre a uaslódáil ina bhfhillteáin phearsanta ionas go bhfeicfidh an múinteoir é. Agus topaicí nua á múineadh déanfar ceachtanna a réamhthairfeadh agus a uaslódáil ar Seesaw/ Zoom

Seesaw is for our pupils to connect to their schoolwork and they then have the option of uploading items to their folder for their teacher to see. In the teaching of new concepts, lessons will be pre-recorded and uploaded via Seesaw/Zoom

Zoom

Is ardán físchomhdhála é Zoom ina ndéantar cumarsáid bheo le foireann agus daltaí na scoile. Déanfar teagmháil sheachtainiúil le daltaí na scoile trí sheisiúin Zoom réamhshocraithe. Agus topaicí nua á mhúineadh déanfar ceachtanna a réamhthairfeadh agus a uaslódáil ar Seesaw/ Zoom.

Zoom is a video-conferencing platform which will enable teachers, staff and pupils to connect via a live link. Staff will connect with pupils weekly using pre-arranged Zoom Meetings. In the teaching of new concepts, lessons will be pre-recorded and uploaded via Seesaw/Zoom

I gcás Seesaw agus Zoom ranga ní mór foirm cheadaithe ar leith a chomhlánú. Tá na foirmeacha ceadaithe ar fáil in *Aguisín 2*.

With regard to 'Seesaw' and Class 'Zoom' sessions specific parental consent must be given. The consent forms are available in Appendix 2

- Is iad na tuismitheoirí den chuid is mó a dhéanfaidh cumarsáid le baill foirne. Is féidir teagmháil a dhéanamh leis na hoidí trí Seesaw nó ar ríomhphoist
Communication with staff members will be generally made by parents. This can be done using email or 'Seesaw'.
- Is féidir le páiste, faoi mhaoirseacht an tuismitheora nuair is gá, teagmháil a dhéanamh leis an múinteoir ranga nó le múinteoirí oideachais speisialta ar Seesaw.
Children may, under parental supervision where necessary, communicate with their class teacher or learning support teachers on 'Seesaw'.

Físchomhdháil **Video Conferencing**

Agus úsáid á bhaint agat as aon aip físchomhdhála, mar shampla *Zoom*. ní mór aird a dhíriú ar na pointí seo a leanas:

When using any video conferencing app, e.g Zoom, please note:

- Déanfar ceachtanna a thairfead agus a sheoladh go leictreonach ar ríomhphost. I gcás *Zoom* ranga san Oideachas Speisialta, d'fhéadfadh go mbeadh míniú ar cheartúcháin, ullmhúchán, soiléiriú nó léitheoireacht os ard i gceist.
Tutorials will be recorded and emailed. In the Special Education setting explanations on corrections, preparation, clarification and reading aloud may be a feature of Zoom sessions.
- Sa chás go gcuirtear tionóil bheo ranga/scoile ar bun, iarrtar ar thuismitheoirí eolas a chur ar an aip ábhartha sula ndéanfar é a úsáid go háirithe na feidhmeochracha – balbhú, micreafón agus lámh fhíorúil. Freastalóidh na daltaí ar an tionól scoile gan cheamara nó micreafón. Déanfaidh siad cumarsáid tríd an rogha ‘fóram comhrá’ más mian leo.
As assemblies are conducted on a live platform please familiarise yourself with the application before use, especially the functions – muting sharing and ‘hands up’ options. The pupils may log on as attendees but will have no camera/microphone option. They may communicate via the ‘Chat’ option if they wish.
- Ní mór rialacha a bhaineann le cruinnithe *Zoom* a léamh agus an fhoirm cheadaithe a chomhlánú chun páirt a ghlacadh i dtionól ranga. Úsáidfear an tionól ranga chun deis a thabhairt don rang a bheith i gcomhlúadar a chéile. Beidh rogha ag na páistí an ceamara agus an micreafón a bheith ar siúl nó múchta le linn an chruinnithe.

Rules for Zoom meetings should be read and consent form must be signed before children can participate in class assemblies. Class assemblies will be used to give the class the opportunity to meet each other. Children have the option to have cameras and microphones on or off during the meeting

Freagrachtaí na nDaltaí **Responsibilities for children**

- **Obair a chur isteach:**
For submitting learning:
 - Seiceáil na tascanna oibre gach lá
Check assigned work each day

Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh
Polasaí Cianfhoghlama 2021

- Beifear ag súil go ndéanfadh na daltaí na tascanna chomh maith agus atá ar a gcumas.
Students are expected to complete all assignments to the best of their ability
- Obair agus pictiúir atá oiriúnach a sheoladh chuig an múinteoir- Cinntigh go bhféachann duine fásta ar do chuid oibre sula seolann tú í
Submit work and pictures that are appropriate - have an adult take a look at your work before you send it.

➤ **Físchomhdháil**

Video conferencing : Zoom

- Beidh na polasaithe seo a leanas i bhfeidhm le linn thréimhse na cianfhoghlama
The following school policies apply during the period of remote learning
Cód Iompair - *Code of Behaviour*
Polasaí Frithbhulaíochta - *Anti- Bullying Policy*
Polasaí Úsáide Inghlactha - *Acceptable Use Policy*
- Rialacha do dhaltáí agus Zoom in úsáid - *Féach Aguisín 1*
Rules for children using 'Zoom' See Aguisín 1

Freagrachtaí na dTuismitheoirí

Responsibilities for Parents

➤ **Obair na bpáistí**

Children's work

- Obair a bpáiste a sheiceáil go laethúil agus labhairt leis an bpáiste faoin obair atá tugtha dó/di.
Check-in on their child's school work on a daily basis and talk to their child about the work being assigned
- Obair an pháiste a sheiceáil sula seolfar chuig an múinteoir í le cinntiú go bhfuil sí ar chaighdeán sásúil agus oiriúnach.
Check over the work which pupils send to their teacher, ensuring it is at an acceptable standard and appropriate.

➤ **Físchomhdháil**

Video conferencing: Zoom

Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh
Polasaí Cianfhoghlama 2021

- Tá sé mar dhualgas ag an tuismitheoir maoirseacht chuí a dhéanamh ar a bpáistí agus iad ag obair go leictreonach sa bhaile.
It is the duty of the parents to supervise their children while they are working digitally at home.
- Ní mór do thuismitheoirí na rialacha a bhaineann le físchomhdháil a léamh agus a mhíniú dá bpáistí agus a chinntiú go gcloíonn na páistí leis na rialacha sin.
(Aguisín 1)
Parents are required to read and explain the rules with regard to video conferencing to their children and ensure that the children abide by these rules (Aguisín 1)

Freagrachtaí na n-Oidí
Responsibilities for Teachers

- Déanfar pleanáil do theagasc agus foghlaim de réir treoracha na Rinne Oideachais agus Scileanna san fhoilseachán, *Treoir maidir le Cianfhoghlaim i gComhthéacs Covid. Meán Fómhair- Nollaig 2020* agus tabharfar tús áite san ullmhúchán agus sa teagasc do na ceithre ghné riachtanacha chun Cianfhoghlaim éifeachtach a chur ar fáil : caidreamh rialta le daltaí, meascán de thascanna/ éispéiris foghlama treoraithe agus neamhspleácha, deiseanna foghlama atá oiriúnach agus tarraingteach agus aiseolas an dá bhealach idir an scoil agus an baile.
Plans for teaching and learning will be done in line with the advice given by the Department of Education and Skills in the publication, “Guidance For remote Learning in a Context of Covid, September – December 2020”. The four essential elements necessary for effective Remote learning will be to the forefront in all planning and teaching: regular engagement with pupils, a blend of guided and independent learning tasks/experiences, appropriate and engaging learning opportunities and two way feedback between home and school.
- Beidh na polasaithe seo a leanas i bhfeidhm agus an Chianfhoghlaim ar siúl
The following school policies apply to remote teaching and learning:
 - Cumhdach Leanaí *Child Protection Policy*
 - Polasaí um Chosaint Sonraí *Data Protection Policy GDPR*
- Cinnteofar go bhfuil idirdhealú cuí ar siúl agus nach gá go mbeadh an t-ualach oibre céanna ag gach dalta sa rang. Míneoidh oidí ranga na straitéisí, na hábhair agus líon ama a bheadh i gceist chun an obair a chur i gcrích dá ranganna.
Differentiation will be ensured and workload may vary for children as appropriate. Class teachers will explain strategies, subjects and time frames for work to be completed in their respective classes.

Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh
Polasaí Cianfhoghlama 2021

- Mar aon leis an gcleachtas sna seomraí ranganna éagsúla tá indibhidiúlacht le sonrú sna réimsí leathana modhanna múinte, straitéisí aischothaithe, agus ardáin dhigiteacha agus an chiantheagasc agus an chianfhoghlaim á gcur i bhfeidhm.
As is the case within the various classrooms, individuality is evident across a wide range of settings, teaching methods, strategies for giving feedback and digital platforms used in the delivery of remote teaching and learning.
- Tá seoladh ríomhphoist ar leith ag gach oide le húsáid chun teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí.
Each staff member has a dedicated email address which they can use to make contact with parents.
- Tabharfar aischothú cuí agus rialta ar obair na bpáistí trí Seesaw nó trí Zoom ag tionóil ranga. D'fhéadfadh go mbeadh comhairle agus moltaí mar chuid den aischothú sin.
Teachers will provide regular feedback via Seesaw or Class Zoom sessions. This may include advice and recommendations.
- Sa chás go mbeidh físchomhdháil ar siúl, seolfar ríomhphost ó sheoladh ríomhphoist na scoile chuig an tuismitheoir. (Gheofar seoladh ríomhphoist an tuismitheora ar an gcóras Aladdin)
For face to face communication (video conferencing) the initial contact will be set up using the staff member's email and the parent's email, which can be obtained from Aladdin.
- Ní mholtar teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí ar ghuthán pearsanta an oide. I gcásanna eisceachtúla go bhfuil sé riachtanach glaoch gutháin a dhéanamh ba chóir an córas aitheanta glaoiteoirí a mhúchadh ar an nguthán.
Communications using a mobile phone is discouraged, but in the rare exception where it is necessary, staff members should change their settings on their phone so the recipient of the call sees "No caller ID"
- I gcásanna eisceachtúla ina mbíonn gá le teagmháil le dalta ar bhonn Oideachais Speisialta, beidh ar thuismitheoir a bheith i láthair don teagmháil sin i gcónaí.
In exceptional cases where staff must communicate live to a student in an SEN setting- a parent must be present at all times.
- Déanfar ceachtanna a thaifead agus a sheoladh go leictreonach ar ríomhphoist. I gcás Zoom ranga san Oideachas Speisialta, d'fhéadfadh go mbeadh míniú ar cheartúcháin, ullmhúchán, soiléiriú nó léitheoireacht os ard i gceist.
Tutorials will be recorded and emailed. In Special Education, explanations on corrections, preparation, clarification and reading aloud may be a feature of 'Zoom' sessions.

Folláine-Wellbeing

Aithnítear an ról lárnach atá ag an bhfolláine i saol ár ndaltaí Tá sé tábhachtach go háirithe le linn na tréimhse seo go dtabharfadh na páistí aird ar a bhfolláine agus go ndéanfadh siad bearta réamhghníomhacha chun a bhfolláine a chur chun cinn. Cabhrófar leo é seo a dhéanamh trína bheith gníomhach, trí go leor codlata a fháil, trí bhia sláintiúil a ithe agus trí theorainn a chur lena mhinice a úsáideann siad an teicneolaíocht. Tá an fholláine fite fuaite i ngach gné den chianfhoghlaim idir mhúinteoireacht, aischothú agus cumarsáid.

We recognise the central role Wellbeing has in the lives of our students. During this time it is especially important that the children take proactive steps to promote their well-being. Staying active, getting enough sleep, eating healthily, limiting their use of technology will help. Wellbeing is intertwined in all aspects of remote learning, teaching, feedback and communication.

Molfaimid 3.5 uair an chloig in aghaidh an lae mar uasmhéid ama le caitheamh ar obair scoile agus go gcaithfeadh na páistí tréimhsí lasmuigh gach lá. Seolfar gníomhaíochtaí folláine abhaile go rialta

We recommend a maximum of 3.5 hours per day to be spent on schoolwork and that the children spend some periods outside each day. Wellbeing activities will be sent home regularly.

D'fhéadfaí go dtiocfadh athrú ar chúinsí aon duine againn gan coinne, idir fhoireann agus tuismitheoirí, agus mar sin bímis stuama agus ciallmhar i leith na scolaíochta . Cinntigh nach bhfuil obair scoile ag teacht salach ar chúrsaí sláinte. Tá príomhchúram oideachais a bpáistí faoi thuismitheoirí/caomhnóirí agus is fúibhse atá sé na cinntí a dhéanamh ag deireadh thiar thall.

Molaimid beagán obair scoile a dhéanamh gach lá ar mhaithe le struchtúr a choinneáil ar an lá agus ní iarraidimid ar aon duine ach a dhícheall a dhéanamh.

Circumstances may change for any of us unexpectedly, teachers or parents, so please keep schooling in perspective and do not allow anything school related to impinge on your child negatively. You are the primary educator of your child and you make those calls. We encourage a little work every week day for routine. We ask parents and pupils merely to do their best.

Beidh roinnt mhaith de mhúinteoirí na scoile ag tabhairt aire dá bpáistí féin fad is atá siad ag obair ón mbaile nó d'fhéadfadh go mbeidh dualgais chúramóra orthu. Aithníonn Bord Bainistíochta Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh mar fhostóir na dúshlán seo agus tá sé tiomanta tacaíocht a thabhairt dá fhostaithe. Tabharfaidh bainistíocht na scoile tacaíocht chuí.

Many teachers will be parenting while at work in their own homes when schools and other child-minding services are closed or they may have other carer duties. The Board of Management of Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh as the employer recognises these challenges and is committed to supporting its employees. These various challenges will be supported by school management.

Achoimre:

Summary:

Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh
Polasaí Cianfhoghlama 2021

Déan an méid agus is féidir leat agus do chúinsí féin á dtógáil san áireamh. **Dírigh ar an obair a bhíonn á seoladh abhaile ag na múinteoirí.** Ná bí buartha faoi obair eile sna leabhair nó sna leabhair shaothair.

*Do what you can, within your circumstances. **Forget about following books and workbooks outside of the work set by teachers for the moment.***

Ní thabharfar aon obair scoile le linn thréimhsí ina mbeidh an scoil dúnta/ laethanta saoire. Ní bheidh aon chumarsáid ar Seesaw, nó Zoom le linn na dtréimhsí sin

There will be no school work set for planned school closures/holidays. There will be no interaction on Zoom, Seesaw during these times.

Iarrtar ar thuismitheoirí a gcuid ríomhphoist a sheiceáil go laethúil chun an t-eolas is déanaí agus fógraí tábhachtacha a fháil.

Please keep abreast of your emails/notifications on Aladdin Connect.

Má tá aon deacracht agaibh maidir le cúrsaí scoile seol ríomhphost chuig an t-oide ábharach agus déanfar gach uile iarracht cabhrú libh.

If you are experiencing difficulties please email the relevant teacher and every effort will be made to assist you.

Clár ama Athbhreithnithe -*Timeline for Review*

Is doiciméad beo é an polasaí seo agus déanfar é a athbhreithniú agus a leasú de réir mar is gá.

This policy is a live document and will be reviewed as required.

Daingniú agus Cumarsáid - *Ratification and Communication*

Dhaingnigh an Bord Bainistíochta an polasaí go hoifigiúil ar an _____

Fógraíodh do phobal na scoile é ar shuíomh gréasáin na scoile- www.scoiluidhalaigh.ie

This policy was ratified by the Board of Management on _____

It was circulated within the school community and published on the school website:

www.scoiluidhalaigh.ie



Síniú:

Dáta :14 Feabhra 2021

Róisín Beaver, Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta.

Aguisín 1:

Rialacha do dhaltaí agus Zoom in úsáid Rules for children using 'Zoom'

- Socraigh an gléas i suíomh ciúin compordach gan aon rud ag cur isteach ort.
Set up the device in a quiet space with no distractions in the background
- Caithfear an glaoch Zoom a dhéanamh laistigh de radharc tuismitheora/ caomhnóra.
'Zoom' call must be within sight of a parent/guardian.
- Tar éis duit logáil isteach fanfaidh tú sa seomra feithimh fíorúil. Déanfaidh an múinteoir cinnte de gur páiste ón rang atá ann- ní mór **ainm an pháiste** (mar a úsáidtear ar scoil) a bheith feiceálach agus an ceamara ar siúl chuige seo.
Once logged on- participants will wait in the virtual waiting room. Teachers will check to 'ensure you are in the class so attendees should have their own name (child's name as used in school) as their title and their cameras turned on.
- Tá cosc iomlán ar ghabhálacha scáileán nó taifid d'aon phíosa den ghlaoch Zoom ar aon ghléas, gléas tánaisteach san áireamh.
Screenshots or recordings of any part of the 'Zoom' call on any device, including a secondary device, are strictly prohibited.
- Ní ghlacfar le caint mhíchuí.
Inappropriate language will not be tolerated.
- Ní mór do gach duine a bheidh le feiceáil ar an gceamara a bheith gléasta in éadaí cuí.
Appropriate clothing must be worn by everyone that will be seen on camera.
- Tá gnáth rialacha scoile i bhfeidhm: Labhair Gaeilge, bí cineálta, léirigh meas ar a chéile le d'fhocail agus le do ghníomhartha. Tá rialacha na scoile i bhfeidhm agus tú ar an gceamara agus ag scríobh san fhóram comhrá
Normal school rules apply: Speak Gaeilge, be kind and respectful to all participants with your words and your actions. This applies both on screen and in the 'chat' facility.
- Má sháraítear aon cheann de na rialacha thuas luaite, bainfear an dalta sin den ghlaoch Zoom ar an bpointe agus seolfar ríomhphost abhaile chuig an tuismitheoir/ caomhnóir chun an chúis ar baineadh an páiste a mhíniú.

Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh
Polasaí Cianfhoghlama 2021

If any of the above rules are broken, the pupil will be removed from the 'Zoom' call immediately and an email will be sent to the parent/guardian of the child outlining the reason for the child's removal.

- Balbhaigh do mhicreafón nuair nach bhfuil tú ag labhairt. Cabhróidh sé seo le torann cúlra a laghdú ionas gur féidir linn an duine atá ag labhairt a chloisteáil.
Mute your mic when you are not speaking. This will help keep background noise to a minimum so we can hear each other speak.
- Bí béasach agus cineálta in aon chumarsáid a dhéantar ar Zoom.
Kind words to be spoken at all times.
- Bíodh meas agat ar gach rud atá á rá ag do chomhscóláirí, mar a dhéantar ar scoil.
Respect what everyone is saying, as is done in school.
- BAIN TAITNEAMH AS! ☺
Have FUN! ☺

Aguisín 2:

Foirm Cheadaithe Zoom

'Zoom' Consent Form

Glacaim leis na rialacha do Ghlaonna Zoom Ranga agus tuigim má bhrisim iad, go mbainfear den chruinniú Zoom mé.

I accept the rules for Class 'Zoom' calls and I understand that if I break these rules I will be removed from the 'Zoom' meeting.

Ainm an pháiste _____ Rang _____
Child's name Class

Síniú an Pháiste _____
Child's signature

Tugaim cead do mo pháiste páirt a ghlacadh i nglanna Zoom Ranga
I give consent for my child to take part in Class 'Zoom' calls.

Síniú Tuismitheora *Parent's Signature*: _____

Dáta *Date* _____

Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh
Polasaí Cianfhoghlama 2021

Foirm Cheadaithe Seesaw

'Seesaw' Consent Form

Ainm an pháiste: _____ Rang: _____
Child's name *Class*

Tugaim cead d'údarás scoile mo pháiste a chlárú le Seesaw
I give consent for my child to be registered on 'Seesaw'

Síniú Tuismitheora: _____
Parent's Signature